

Dearbhú Ábhartha - Foirm 81E

(mar a fhoráiltear le hAlt 81E den tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 – 'TCA97')



ASBHAINTE FHEABHSAITHE DO CHAITEACHAS INCHÁILITHE TÓGÁLA

TÁ AN DEARBHÚ SEO Á DHÉANAMH AG:

Úinéir Tairbhiúil Ábhartha
chuig Conraitheoir Ábhartha

Coimeádfaidh an Conraitheoir Ábhartha an Fhoirm Dearbhaithe Ábhartha seo ar feadh tréimhse 6 bliana ó dheireadh na tréimhse cuntasáochta inar seachadadh tuairisceán ag déanamh éilimh ar an asbhaint fheabhsaithe i leith na Forbartha Críochnaithe lena mbaineann an Dearbhú Ábhartha seo.

Féach Nótaí ar Leathanach 3 agus 4 chun treoir a fháil maidir leis an Dearbhú Ábhartha seo a chomhlánú.

LE BHEITH COMHLÁNAITHE AG AN DEARBHÓIR

DEARBHÓIR

Ainm an Dearbhóra:

Seoladh an Dearbhóra:

Uimhir Thagartha Cánach an Dearbhóra:

CONRAITHEOIR ÁBHARTHA

Ainm an Chonraitheora Ábhartha:

Seoladh an Chonraitheora Ábhartha:

Uimhir Thagartha Cánach an Chonraitheora Ábhartha:

Seoladh na Forbartha Críochnaithe:

Líon na n-árasán sa bhForbairt Chríochnaithe:

Maidir leis an bhForbairt Chríochnaithe atá sonraithe ar leathanach 1:

Dearbhaím leis seo, ar an [Dáta Iomchuí]
gur Úinéir Tairbhiúil Ábhartha é [an Dearbhóir] ar [céatadán na
húinéireachta] faoin gcéad den Fhorbairt Chríochnaithe.

Dearbhaím leis seo gur fhorbair [an Conraitheoir Ábhartha] an
Fhorbairt Chríochnaithe de bhun conartha a rinneadh idir [an Dearbhóir]
agus [an Conraitheoir Ábhartha].

Dearbhaím leis seo nach Duine Ábhartha é [an Dearbhóir] maidir
leis an bhForbairt Chríochnaithe.

Dearbhaím leis seo nach bhfuil aon Dearbhú Ábhartha eile déanta ag
[an Dearbhóir] d'aon Chonraitheoir Ábhartha eile i leith na Forbartha
Críochnaithe.

Sínitheoir Údaraithe

Ainm Priontála an tSínitheora anseo [an Dearbhóir / an Sínitheoir Údaraithe]

Dáta

Nótaí maidir le dearbhú a chomhlánú

Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar le hAlt 81E TCA97.

1. Is é **‘an Dearbhóir’** Úinéir Tairbhiúil Ábhartha na Forbartha Críochnaithe.
2. Is éard is **Úinéir Tairbhiúil Ábhartha** ann ná úinéir tairbhiúil na Forbartha Críochnaithe nach Duine Ábhartha é i leith na Forbartha Críochnaithe sin.
3. Is éard is **‘Forbairt Chríochnaithe’** ann ná bloc árasán cáilitheach, de réir bhrí Alt 81E TCA97, a bhfuil na nithe seo a leanas bainteach—
 - (a) tá cead pleanála deonaithe lena bhfuil cead faighte le haghaidh 10 n-árasán nua ar a laghad sa bhloc árasán cáilitheach,
 - (b) go ndéantar fógra tosach feidhme ábhartha, de réir bhrí Alt 81E TCA97, a thaisceadh leis an údarás áitiúil ábhartha ar an 8 Deireadh Fómhair 2025 nó dá éis ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2030, agus
 - (c) ar dhul in éag nó roimh an tréimhse ceada pleanála a bhaineann léi—
 - (i) go bhfuil na hoibreacha go léir a theastaíonn chun a chinntiú go bhfuil na hárasáin go léir sa bhloc árasán cáilitheach oiriúnach lena n-áitiú mar áit chónaithe, agus
 - (ii) go ndéantar deimhniú comhlíontachta ábhartha a thaisceadh leis an údarás áitiúil ábhartha nuair a chríochnaítear an obair.
4. Is éard is **‘Duine Ábhartha’** ann ná:
 - (a) forbróir maoin, de réir bhrí alt 81E TCA97, a dhéanann—
 - (i) le linn trádála forbartha maoin ábhartha de réir bhrí Alt 81E TCA97, forbairt chríochnaithe a dhéanamh, agus
 - (ii) ar an dáta ábhartha, gur úinéir tairbhiúil é/í ar an bhforbairt chríochnaithe,nó
 - (b) Conraitheoir Ábhartha—
 - (i) a fhorbraíonn an Fhorbairt Chríochnaithe, le linn trádála cáilithe, de réir bhrí Alt 81E TCA97, agus
 - (ii) a bhfuil Dearbhú Ábhartha déanta ag Úinéir Tairbhiúil Ábhartha ina leith, nó i gcás ina bhfuil níos mó ná Úinéir Tairbhiúil Ábhartha amháin ann, go bhfuil Dearbhú Ábhartha déanta ag gach Úinéir Tairbhiúil Ábhartha, maidir leis an bhForbairt Chríochnaithe.
5. Is éard is **‘Dáta Ábhartha’** ann i ndáil leis an bhForbairt Chríochnaithe, ná an dáta a thaisctear an deimhniú comhlíontachta ábhartha leis an údarás áitiúil ábhartha nuair a chríochnaítear an obair, de réir bhrí Alt 81E TCA97, i leith na Forbartha Críochnaithe.
6. Tá an bhrí chéanna le **‘Deimhniú Comhlíontachta ar Chríochnú ábhartha’** is atá sainithe leis in Alt 653A(1) TCA97.
7. Is éard is brí le **‘Deimhniú Comhlíontachta Ábhartha ar Chríochnú’** ná deimhniú comhlíontachta ar chríochnú arna thaisceadh leis an údarás áitiúil ábhartha, de réir bhrí Alt 81E TCA97, nó, i gcás go bhfuil mó ná deimhniú comhlíontachta ar chríochnú amháin den sórt sin ann, an deimhniú comhlíontachta ar chríochnú deiridh den sórt a thaisctear, i leith na Forbartha Críochnaithe.

8. Is éard is **‘Conraitheoir Ábhartha’**, i ndáil leis an bhForbairt Chríochnaithe, ná cuideachta a fhorbraíonn an Fhorbairt Chríochnaithe de bhun conartha a rinneadh leis an úinéir tairbhiúil, nó i gcás ina bhfuil níos mó ná úinéir tairbhiúil amháin ann, úinéirí tairbhiúla na Forbartha Críochnaithe sin.

NÓTAÍ TÁBHACHTACHA:

1. Ní mór an Dearbhú seo a bheith sínithe ag sínitheoir údaraithe an Dearbhóra. Nuair is cuí, ba chóir cóip den chumhacht aturnae a sholáthar agus a choinneáil leis an dearbhú seo.
2. Ní mór don sínitheoir údaraithe an fhaisnéis a theastaíonn chun an fhoirm dhearbhaithe seo a chomhlánú a bheith ina sheilbh acu sula sínítear an dearbhú. Ní mór don Dearbhóir an fhaisnéis seo a choinneáil agus a chur ar fáil d'oifigeach údaraithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar iarratas.
3. Féadfar an fhoirm bhán seo a fótachóipeáil lena húsáid i ndáil le dearbhuithe ina dhiaidh seo. É sin ráite, i ngach cás, ní mór don dearbhóir na dearbhuithe a shíniú agus a dhátú i ndúch lena chruthú gur cóip bhunaidh atá sa dearbhú.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach [Príobháideachas](#) ar www.revenue.ie. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.